


Bileog 5.1

Scríobh féin agus an duine in aice leat na tíortha atá ar eolas agaibh faoi na Mór-Ranna éagsúla.



Féach ar an struchtúr seo thíos:

An Spáinn + 3 mhí = Chaith mé trí mhí ag taisteal sa Spáinn.

Bain úsáid as an chomhrá seo thíos le cuidiú leat a rá leis an duine in aice leat cad iad na háiteanna a raibh tú iontu le bliain. Bain úsáid as do shamhlaíocht!

- An raibh tú thar lear i mbliana?
- Bhí, chaith mé mí i Meiriceá Theas, agus tú féin?
- Bhí, chaith mé cúpla seachtain ag taisteal san Afraic.

Éist le Siobhán anois ag déanamh cur síos ar na háiteanna ina raibh a teaghlach ar fad i mbliana ar laethanta saoire.



An duine	Cá raibh siad?	Cén fhad?	Eolas ar bith eile
Siobhán & Peadar			
Seán			
Clár			
Ciara			

Bileog 5.2

Féach féin agus an duine in aice leat ar na pictiúir seo d'áiteanna gur féidir leat fanacht iontu nuair atá tú ar laethanta saoire. Cuirigí an uimhir cheart in aice leis na focail thíos faoi na pictiúir. Bí cúramach áfach, tá na litreacha sna focail measctha trí chéile!




- .. cetha aroies _____
- .. Tónsá _____
- .. aetch sgsholaiteu _____
- .. maluh _____
- .. nálitrehá mcpsaaál _____
- .. bdá soile _____
- .. báarchn _____
- .. Áasnár _____



An mbíonn sé deacair duit brí na bhfocal a aimsiú nuair a bhíonn na litreacha measctha trí chéile? Pléigh.



Pléigh leis an duine in aice leat: Cad é an t-urú? Cén uair a úsáidtear é?

Súil Siar 

Ag obair leis an duine in aice leat cuir i roimh na focail atá ag barr an leathanaigh - mar shampla:

D'fhan muid i bpuball.
D'fhan muid i . . .

Ag obair leis an duine in aice leat cuir na briathra a leanas san aimsir chaite. Ná déan dearmad den fhoirm cheisteach!

Fan Fuair Campáil Tiomáin Seol Taistil

Roghnaigh pictiúr ó 1-8 thuas mar áit a d'fhan tú ar saoire agus siúil timpeall an ranga ag labhairt faoi na laethanta saoire sin. Aimsigh duine a raibh laethanta saoire aige/aici cosúil leatsa!

Beidh an stór focal seo ar dheis úsáideach chomh maith.

ar cíos saor/daor
ardnósach/bunúsach
compordach/mícompordach
mór/beag
te/fuar

Bileog 5.3

Ag obair leis an duine in aice leat scríobh síos na ceisteanna agus na freagraí a bheadh úsáideach agus sibh ag iarraidh seomra a chur in áirithe in óstán nó i dteach lóistín sa Ghaeltacht. Bain úsáid as na focail thíos le cuidiú libh:

- a chur in áirithe
- seomra singil
- seomra dúbailte
- cé mhéad a chosnaíonn sé?
- bricfeasta/dinnéar/lón
- san áireamh

Féach féin agus an duine in aice leat ar an eolas seo a bhí le fáil ar láithreán Gréasáin Óstán Cheann Sibéal i gCo. Chiarraí. Léigí an téacs os ard le chéile agus freagraí gí na ceisteanna. Tá an ghluais ann le cuidiú libh.



Fáilte go dtí Óstán Cheann Sibéal

Óstán úrnua ardchaighdeáin i mBaile an Fheirtéaraigh (An Buailtín) i gceartlár Ghaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí. Sé mhíle - deich gciliméadar - siar ón Daingean.

Seomraí na nAíonna

Seomraí breátha scóipiúla atá in Óstán Cheann Sibéal do na haíonna. Cóiríodh agus maisíodh gach aon seomra ar leith acu chun go mbeadh an áit chomh compordach agus is féidir.

Tá gach áis ar fáil - teilifíseán agus raidió, ceangal idirlín, áiseanna chun tae agus caife a dhéanamh, triomaitheoirí gruaige agus mar sin de - agus gach seomra *en-suite* gan amhras.

Tá leaba dhúbailte agus leaba shingil i bhformhór na seomraí ach tá roinnt seomraí beirte (leaba dhúbailte nó dhá leaba shingil) ar fáil chomh maith. Níl aon seomraí codlata ar leibhéal na sráide ach tá ardaitheoir san óstán agus seomraí insroichte le cathaoireacha rotha.

Cuirigí na ceisteanna seo thíos ar a chéile:

An Ghluais:

ardchaighdeán – high standard

ceartlár – centre

scóipiúil – spacious

cóiríodh – fixed up

maisíodh – decorated

idirlíon - internet

triomaitheoir – dryer

ardaitheoir – lift

insroichte – reachable

cathaoir rotha - wheelchair

1. Cá bhfuil an t-óstán go díreach?
2. Cad iad na háiseanna atá i ngach seomra?
3. Cad is brí le seomra beirte?
4. Cad a deirtear faoi chathaoireacha rotha?

Bileog 5.4 Duine A

Is fáilteoir tú in Óstán Cheann Sibéal. Cuireann an duine in aice leat glao teileafóin ort le seomraí a chur in áirithe dá laethanta saoire. Seo thíos an t-eolas a bhaineann leatsa:

Seomra	An chuid eile den Bhliain	Bealtaine	Meitheamh, Iúil & Meán Fómhair	Lúnasa
	Euro €	Euro €	Euro €	Euro €
Seomra Singil - Oíche amháin (praghas don seomra)	€0	€0	€70	€80
Seomra Beirte - Oíche amháin (praghas don seomra)	€35	€45	€50	€60

Rátaí

Páistí faoi bhun 3 bliana d'aois saor in aisce.

Eolas Breise

- Níl aon spás san óstán ag na deirí seachtaine seo:
01/05/08
27/06/08
03/08/08.
- Níl an bricfeasta san áireamh. Cosnaíonn an bricfeasta €8.
- Tá bialann agus beár san óstán.
- Ní ghlactar le hainmhithe ar bith.
- Le déanamh sa cheantar: siúlóidí sléibhe, trána, galf, iascaireacht, marcaíocht agus rothaíocht.

Cuir ceisteanna ar an gcustaiméir (an duine in aice leat) chun an t-eolas seo a leanas a fháil:

Méid daoine – páistí agus daoine fásta	
Cé mhéad seomra agus cén cineál seomraí atá ag teastáil	
Na Dátaí	

Breac síos na praghsanna anois agus abair leis an duine ar an ghuthán cén praghas atá ar an deireadh seachtaine iomlán do na rudaí seo a leanas:

Na Seomraí: € _____
 Bia: € _____
 An t-iomlán: € _____

Anois scríobh síos a n-ainmneacha agus dátaí sa leabhar

Ainmneacha: _____ _____
Dátaí: _____ _____


***Éist leis an téip anois le feiceáil an bhfuil an comhrá atá air cosúil leis an chomhrá a bhí agat féin agus an duine in aice leat.**

Bileog 5.4 Duine B

Seo thíos pictiúr duit féin agus do chlann. Ba mhaith libh deireadh seachtaine a chaitheamh i gCiarraí Thiar. Dúradh leat go bhfuil Óstán Cheann Sibéal an-deas. Cuir glao teileafóin ar an óstán le deireadh seachtaine éigin a chur in áirithe. Tá an duine in aice leat ag obair san óstán mar fháilteoir agus tá gach eolas aige/aici.



Ní bheidh an cat ag dul – ach beidh gach duine eile sa phictiúr!



Eolas Breise:

- Seo na deirí seachtaine gur féidir libh dul:
01/05/08
27/06/08
10/08/08.
- Ba mhaith libh bricfeasta maidin Dé Sathairn.
- Ba mhaith libh ithe san óstán oíche amháin.
- Ba mhaith libh an madra a thabhairt libh.
- Ba mhaith leat fáil amach cad is féidir a dhéanamh sa cheantar.

Breac síos an t-eolas ón fháilteoir sna spásanna thíos ar eagla go ndéanfá dearmad:

Bia – bricfeasta/dinnéar	
Cad iad na seomraí atá ar fáil?	
Na Dátaí	

Breac síos na praghsanna a thugann an fáilteoir duit do gach rud thíos. Bí cinnte nach bhfuil botún déanta aige/aice. Abair amach an praghas iomlán.

Na Seomraí: € _____
 Bricfeasta: € _____
 An t-iomlán: € _____

Óstán: _____ _____ Dátaí: _____ _____ _____

Anois scríobh síos ainm an óstáin agus na dátaí i do dhialann.

***Éist leis an téip anois le feiceáil an bhfuil an comhrá atá air cosúil leis an chomhrá a bhí agat féin agus an duine in aice leat.**

Bileog 5.5

Beidh tú ag éisteacht le Ciara ag déanamh cur síos ar sheachtain a chaith sí lena buachaill san Fhionlainn. Féach ar na focail seo ar dtús leis an duine in aice leat le bheith cinnte go dtuigeann sibh iad. Ansin éist leis an téip agus freagair na ceisteanna sa bhosca thíos.



rómánsúil
costasach
leictreachas
san áireamh

Ceisteanna:

1. Cé a bhí san Fhionlainn le Ciara?
2. Cén fáth a bhfuil suim ag Pádraig labhairt faoin bhFionlainn?
3. Cé mhéad a chosain an t-árasán don tseachtain?
4. Cén moladh atá ag Ciara do Phádraig?

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat anois:

An raibh tú thar lear i mbliana?
Cá raibh tú?
Cén áit ar fhan tú?
An raibh sé costasach?




Téigh siar ar na briathra mírialta san aimsir chaite leis an duine in aice leat.

Cuir ceisteanna ar a chéile ag úsáid na mbriathra mírialta.

Súil Siar



1. Ag obair leis an duine in aice leat cuir Gaeilge ar na focail Bhéarla sa léaráid thíos.



2. Déan cur síos iomlán anois ar an teach saoire seo dá chéile, mar shampla:

Tá cistin mhór ann.



3. Anois déan cur síos don duine in aice leat faoi theach ar fhan tú ann agus tú ar laethanta saoire. Bain úsáid as na haidiachtaí sa bhosca:

beag/mór	te/fuar
geal/dorcha	glan/salach

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo thíos. An dtuigeann sibh iad? An féidir libh smaoiniamh ar aon rud eile a dhéanfá agus tú ar laethanta saoire?



caisleán
bialann

iarsmalann
margadh

ardeaglais
ionad siopadóireachta

Déan cur síos don duine in aice leat ar na háiteanna ar thug tú cuairt orthu an uair dheireanach a bhí tú ar laethanta saoire.

1. Cuir na focail thuas san uimhir iolra.
2. Cuir 'sean' leis na focail anois.



Ag obair leis an duine in aice leat arís déanaigí bhur machnamh ar rudaí éagsúla a dhéanfadh sibh dá mbeadh sibh ar laethanta saoire sa phictiúr ar dheis.

Féachaigí beirt anois ar an léarscáil de Bhriotáin na Fraince. Roghnaigí beirt cúig áit ar an léarscáil agus ná habraigí leis an duine eile iad go fóill. Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile:

- Cá raibh tú?
- Cad a rinne tú nuair a bhí tú ann?



Bileog 5.7

Seo thíos léarscáil de Chontae Dhún na nGall. Chaith tú féin agus do chara deireadh seachtaine i mbliana sa chontae. Thuirling sibh in aerfort Dhún na nGall agus d'fhág sibh ó Leitir Ceanainn. (a) Roghnaí gí na háiteanna a ndeachaigh sibh ón mbosca seo:

(b) Déanaigí plé le chéile ar na modhanna éagsúla taistil ar bhain sibh úsáid astu. Ní raibh gluaisteán agaibh. Bain úsáid as na modhanna taistil seo thíos:

gluaisrothar	tacsáí	bus
traein	rothar	eitleán
bád farantóireachta		

Ceangail na logainmneacha Béarla ar chlé leis na logainmneacha Gaeilge ar dheis.



Burtonport	Árainn Mhór
Aran Mór	Dún Fionnachaidh
Bunbeg	Ráth Maoláin
Tory	An Bun Beag
Annagary	Ráth Mealtáin
Dunfanaghy	Ailt an Chorráin
Creeslough	Oileán Thoraigh
Ramelton	Leitir Ceanainn
Rathmullen	Craoslach
Letterkenny	Anagaire

An bhfuil a fhios agaibh cad is brí leis na logainmneacha thuas?

Féach ar na habairtí seo a bhaineann leis an aimsir. An féidir leat féin agus an duine in aice leat cur leo?



Bhí an aimsir fuar/te/tirim/fliuch
 Bhí ag stealladh báistí. . .
 Bhí drochádh orainn. . .
 Bhí an t-ádh orainn . . .

Plé leis an duine in aice leat.

Bileog 5.8 Duine A

Seo thíos an t-eolas ar fad a bhaineann leatsa agus na laethanta saoire a bhí agat i mbliana. Tá eolas difriúil ag an duine in aice leat. Bíodh comhrá agaibh bunaithe ar an eolas atá agaibh ar bhur mbileoga.



Na Tíortha: An G _____
An S _____

Na tréimhsí: 12/01/07 – 19/01/07
23/11/07 - 25/11/07

Lóistín: teach ar cíos
bád seoil

Praghas: saor
an-daor

Cuairteanna:  

Aimsir:  

Modh Taistil:  

Féachai gí ar na ceisteanna seo arís le cuidiú libh:

- An raibh tú thar lear i mbliana?
- An raibh sé costasach?
- Cé mhéad a chosain sé?
- Cad a rinne tú?
- An raibh an aimsir go maith?



Scríobh cuntas ar laethanta saoire a bhí agat i mbliana don chéad rang eile. Bain úsáid as an eolas ar an bhileog seo más mian leat é.

Mura bhfuil na tíortha ar eolas agat i nGaeilge faigh an t-eolas sin don chéad rang eile. Féach ar an láithreán Gréasáin seo le cuidiú leat:

www.seascout.org/ships/ships-europe-ir.html

Bileog 5.8 Duine B

Seo thíos an t-eolas ar fad a bhaineann leatsa agus na laethanta saoire a bhí agat i mbliana. Tá eolas difriúil ag an duine in aice leat. Bíodh comhrá agaibh bunaithe ar an eolas atá agaibh ar bhur mbileoga.




Na Tíortha: A _____
An P _____

Na tréimhsí: 24/05/07 – 31/05/07
01/10/07 - 14/10/07

Lóistín: puball
árasán ar cíós

Praghas: an-saor
réasúnta

Cuairteanna: 

Aimsir: 

Modh Taistil: 

Féachai gí ar na ceisteanna seo arís le cuidiú libh:

An raibh tú thar lear i mbliana?
An raibh sé costasach?
Cé mhéad a chosain sé?
Cad a rinne tú?
An raibh an aimsir go maith?



Scríobh cuntas ar laethanta saoire a bhí agat i mbliana don chéad rang eile. Bain úsáid as an eolas ar an bhileog seo más mian leat é.

Mura bhfuil na tíortha ar eolas agat i nGaeilge faigh an t-eolas sin don chéad rang eile. Féach ar an láithreán Gréasáin seo le cuidiú leat:

www.seascout.org/ships/ships-europe-ir.html